SCOIL LÁN-GHAEILGE LE

SAINSPIORAD CAITLICEACH

SAINMHEON CAITLICEACH

Feidhmeoidh an scoil le sainmheon Caitliceach. Cothóidh sé seo **an bheatha Chríostaí** i saol na scoile **spreagtha ag creideamh i nDia agus in Íosa Críost** agus ag **luachanna an tsoiscéil** léirithe trí phaidir, cheiliúradh agus na sacraimintí i gcomhair leis na tuismitheoirí, an eaglais agus an pobal.

TEAGASC CREIDIMH

Ag am teagasc creidimh sa scoil cuirfear i gcrích agus múinfear **clár an chreidimh Caitlicigh** maraon le h**ullmhúchán na ndaltaí do na sacraimintí** mar atá leagtha síos ag Ardeaspag/Easpag na Deoise ag treorú an dalta le Dia a ghráú, a aithint agus a leanúint.

NASC LEIS AN GCLÉIR

Cuirfear fáilte roimh na **Comhairleoirí Deoise** agus **an chléir áitiúil** inár ngaelscoileanna chun tacaíocht, comhairle agus cabhair a thabhairt don Bhord Bainistíochta, don fhoireann scoile agus do na tuismitheoirí in ullmhúchán na ndaltaí do na sacraimintí agus i soláthar an Chláir Chreidimh do na daltaí.

SPIORAD SAINIÚIL NA SCOILE

Tá **dualgas ar an mBord Bainistíochta** spiorad sainiúil na scoile atá ag teacht leis an sainmhíniú thuasluaite de scoil lán-Ghaeilge Chaitliceach **a chosaint** agus a bheith freagrach don phátrún as é a chosaint.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA